**Bord Iniúchóireachta**

**Cruinniú an 24 Márta 2023, trí Skype for business — dréacht-mhiontuairiscí**

I láthair: I láthair: Seamus McCarthy (Cathaoirleach), Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Shane Carton, Leas-Stiúrthóir, rúnaí an Bhoird Iniúchóireachta
Jennifer O'Halloran, Bainisteoir Iniúchóireachta, a d'fhreastail le haghaidh mhír 12 ar an gclár oibre.

1. **Comhaontú an chláir gnó**

   Comhaontaíodh an dréachtchlár gnó.

2. **Nótáil aon choinbhleachtaí leasa**

   Níor tuairiscíodh aon choinbhleachtaí leasa mar gheall ar na rudaí atá le plé ag an gcruinniú.

3. **Miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh, nithe ag éirí as agus liosta gníomhartha**

   Comhaontaíodh miontuairiscí chruinniú an 9 Nollaig le mionleasuithe agus faomhadh iad lena bhfoilsiú ar inlíon agus suíomh Gréasáin na hOifige.

   Rinneadh athbhreithniú agus plé ar an liosta gníomhartha
   - Thug an Bord faoi deara go bhfuil acmhainn foirne le hathshannadh chun an tionscadal chun bunachar sonraí achoimre reachtaíochta a fhorbairt a chur i gcrích. Leanfaidh an Bord den eolas is deireanaí ar dhul chun cinn an tionscadail a fháil ag cruinnithe amach anseo.
   - Thug an Bord faoi deara gur cuireadh achoimre reachtaíochta d'Uisce Éireann faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le déanaí.
   - Chomhaontaigh an Bord le trí ghníomh eile a dhúnadh ar an mbonn go raibh páipéir ábhartha curtha síos lena mbreithniú ag an gcruinniú reatha.

4. **Rioscaí atá ag teacht chun cinn**

   Níor thug an Bord aon rioscaí nua faoi deara.

5. **Clár iniúchóireachta airgeadais (páipéar A)**

   Thug an Bord faoi deara an páipéar inar tuairiscíodh gur bhain an Oifig amach na trí sprioc príomhtháscaire feidhmíochta a bhí aici don iniúchóireacht airgeadais do 2022. Rinneadh achoimre sa pháipéar freisin ar an stádas iniúchóireachta reatha do na naoi gcuntas neamhdheimhnithe a bhí fágtha le tréimhsí dar críoch an bhliain 2021.

6. **Clár iniúchóireachta feidhmíochta (páipéar B)**

   Thug an Bord faoi deara an páipéar inar cuireadh an t-eolas is deireanaí i láthair ar roinnt ábhar a bhain leis an stiúrthóireacht iniúchóireachta feidhmíochta.

Chomhlíon an Oifig an sprioc príomhtháscaire feidhmíochta a bhí aici go síneofaí 25 tuarascáil sa bhliain 2022. Tá gach athbhreithniú iarthionscadail le haghaidh caibidlí a foilsíodh sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2021 críochnaithe anois.

Tugadh faoi deara go bhfuil an dá straitéis earnála dhéag atá le hathbhreithniú i mbliana críochnaithe agus go raibh liosta de na caibidlí ceadaithe ag an mBord Iniúchóireachta le cur san áireamh sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022, faoi réir ceadú scóipe agus acmhainní dóthanacha a bheith ar fáil.

Thug an Bord faoi deara tátal Mazars sa tuarascáil le déanaí ar na hathbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta uaidh ar ocht gcinn d'aschuir thuairiscithe na hOifige go raibh an caighdeán foriomlán cáilíochta agus seachadta ard, gur úsáideadh foinsí leordhóthanacha scrúdaithe agus gur cuireadh modheolaíochtaí leordhóthanacha i bhfeidhm. Luadh i dtuarascáil Mazars freisin nár sainaithníodh aon saincheisteanna nó torthaí suntasacha maidir le hábhar, formáid agus struchtúr na dtuarascálacha a athbhreithníodh.

Thug an Bord faoi deara stádas seacht dtuarascáil speisialta leanúnacha. Tugadh faoi deara gur chinn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ón gcruinniú deireanach gan tuairisc a thabhairt i bhformáid tuarascála speisialta ar thopaic an tuairiscithe airgeadais earnála poiblí.

**7. Straitéis le haghaidh gníomh leantach a dhéanamh de bhun moltaí (páipéar C)**

Leagadh amach sa pháipéar na socruithe reatha chun obair leantach a dhéanamh ar mholtaí i dtuarascálacha arna dtáirgeadh ag an Oifig agus cuireadh roinnt athruithe molta chun cinn ann.

Tar éis plé a dhéanamh, chomhaontaigh an Bord Iniúchóireachta na nithe seo a leanas:

- Go gcuirfí amlíne ar áireamh chun moltaí a chur chun feidhme (le socrú ag an gcomhlacht iniúchta) i dtuarascálacha foilsithe amach anseo.
- Go ndéanfadh na foirne iniúchóireachta airgeadais lena mbaineann, ar bhonn píolótach dhá mhí dhéag, teagmháil le comhlachtaí iniúchta mar chuid den iniúchadh airgeadais bliantúil ar chur chun feidhme mholtaí na tuarascála, agus beidh nuashonruithe le sonrú ar an rianaire moltaí inmheánacha — déanfar breithniú tar éis an dá mhí dhéag ar an acmhainneacht a bhaineann le rianaire inchuardaithe a chur ar fáil ar líne.
- Go ndéanfadh an stiúrthóireacht iniúchóireachta feidhmíochta athbhreithniú bliantúil ar an gclár moltaí chun treochtaí féideartha agus aon impleachtaí níos leithne a shainaithint.

**8. Iniúchtaí nua/deiridh (páipéar D)**

Thug an Bord an páipéar faoi deara agus chomhaontaigh sé roinnt athruithe ar na táblaí. Thug an Bord faoi deara na hiniúchtaí nua
- ar Údarás Eitlíochta na hÉireann
- ar Thailte Éireann.

Thug an Bord faoi deara deacrachtaí a tháinig chun cinn maidir leis na hiniúchtaí ar roinnt comhlachtaí atá ag díscaoileadh. Cé gur leis an reachtaíocht iomchuí de ghnáth a leagtar amach na socruithe chun iarratas a dhéanamh ar thacar deiridh cuntas an chomhlachta atá ag díscaoileadh, tarlaíonn sé in amanna go dtógann an díscaoileadh níos mó ama ná mar a ceapadh agus go dteastaíonn níos mó ná tacar cuntas amháin. Scríobh Andy Harkness chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, a luaigh sa fhreagra uaithi go rachadh

sí i dteagmháil le hOifig na nDréachtóirí Parlaiminte maidir le reachtaíocht a bhaineann le díscaoileadh comhlachtaí poiblí a dhréachtú.

Thug an Bord faoi deara a mhíshástacht leis an bhfad ama a d'fhan roinnt cuntas neamhghníomhach nó nach raibh siad ag freastal ar aon chuspóir ar a fheadh gan aon ghníomhaíocht éifeachtach ó na comhlachtaí iniúchta ábhartha chun cúrsaí a réiteach. Comhaontaíodh go n-ullmhódh an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta nóta ar an ábhar don chéad chruinniú eile.

**9. An t-eolas ráithiúil is déanaí ar an reachtaíocht (páipéar E)**

Thug an Bord an páipéar faoi deara.

**10. Loga nochtaí (páipéar F)**

Thug an Bord faoi deara an páipéar inar leagadh amach mionsonraí achoimre faoi chásanna nochta atá oscailte faoi láthair agus iad siúd a dúnadh ón gcruinniú deireanach i leith. Thug an Bord faoi deara gur foilsíodh tuarascáil do 2022 faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ar shuíomh Gréasáin na hOifige an 1 Márta 2023.

**11. Tuarascáil ar ghníomhaíocht idirnáisiúnta 2022 (páipéar G)**

Thug an Bord faoi deara an páipéar inar leagadh amach teagmháil na hOifige le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta le linn 2022. Tugadh faoi deara go bhfuil an Oifig le bheith ina hóstach ar chruinniú d'Fhochoiste Iniúchóireachta Feidhmíochta an Choiste um Chaighdeáin Ghairmiúla de chuid INTOSAI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 28-29 Márta 2023.

**12. Nochtadh cosanta — beartais agus nósanna imeachta athbhreithnithe (páipéar H)**

Áiríodh sa pháipéar leasuithe molta ar an mBeartas reatha ar Nochtadh chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar an mBeartas Speak Up chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022.

Cheadaigh an Bord an Beartas athbhreithnithe ar Nochtadh d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi réir roinnt leasuithe. Comhaontaíodh go mbreithneofaí mionathruithe ar an réamhrá sa chéad athbhreithniú eile ar an doiciméad. Faomhadh an leagan athbhreithnithe den Bheartas Speak Up mar a cuireadh síos. Cuirfear na leaganacha comhaontaithe den dá dhoiciméad ar shuíomh Gréasáin na hOifige.

**13. Páipéar leantach ar phríomhtháscairí feidhmíochta na hOifige (páipéar I)**

Thug an Bord dá aire an páipéar inar leagadh amach príomhtháscairí feidhmíochta nua molta (PTFanna) a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha na hOifige, agus iad ag tarraingt ar shaintréithe na mbeart dea-fheidhmíochta a d'fhoilsigh an Oifig (i gCaibidil 11 den Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2019). Leagtar amach sa pháipéar freisin na moltaí ó athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí a rinneadh le déanaí ar phríomhtháscairí feidhmíochta na hOifige.

D'iarr an Bord go n-ullmhófaí páipéar breise don chéad chruinniú eile ina leagfaí amach an bhaint atá ag na príomhtháscairí feidhmíochta atá beartaithe leis na méadrachtaí a thuairiscítear faoi láthair do Vóta 8 in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe agus i dtuarascáil feidhmíochta na hOifige. Ba cheart na saintréithe a bhaineann le dea-chóras tomhais feidhmíochta a d'fhoilsigh an Oifig roimhe seo (Caibidil 11, 2019) a léiriú sa tuarascáil sin freisin.

Chomhaontaigh an Bord gur cheart na bearta riachtanacha a dhéanamh chun na moltaí ón athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí a chur chun feidhme.

**14. Impleachtaí ISSAI 140, caighdeán nua um rialú cáilíochta (páipéar J)**

Thug an Bord dá aire an páipéar inar leagadh amach an tionchar dóchúil a bheadh ag na caighdeáin nua um bainistíocht cáilíochta ar thuarascálacha ábhartha arna dtáirgeadh ag an Oifig.

Maidir le hinstitiúidí iniúchóireachta uachtaracha, cuirfear na caighdeáin nua chun feidhme trí leagan athbhreithnithe de ISSAI 140 ar dócha go mbeidh dáta éifeachtach aige in 2025. Mar sin féin, chun comhsheasmhacht le cleachtas iniúchóireachta in Éirinn a chinntiú, tá na ceanglais nua á gcur chun feidhme ag an Oifig ó thús 2023 i leith.

Bhreithnigh an Oifig dréacht nochta de ISSAI 140 ina cáil mar bhall gníomhach den ghrúpa oibre a nuashonraigh ISSAI 140 agus mar chathaoirleach ar fhochoiste iniúchóireachta feidhmíochta INTOSAI agus soláthraíodh tuairimí faoi spriocdháta an 21 Meitheamh mar a d'iarr grúpa oibre ISSAI 140.

**15. Aon ghnó eile**

Tá an chéad chruinniú tráthrialta eile den Bhord Iniúchóireachta le cur ar siúl Dé Luain an 3 Iúil 2023.